Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13585/22**

**JAI 1317**
**FRONT 365**
**MIGR 295**
**IXIM 240**
**SCH-EVAL 133**
**FREMP 211**
**COMIX 467**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12430/22 |
| Ábhar: | Timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip (EIBM)<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 14 Deireadh Fómhair 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí anseo faoi na conclúidí ón gComhairle maidir leis an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip (EIBM) a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Baile) an 14 Deireadh Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an timthriall don bheartas straitéiseach ilbhliantúil do Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip (EIBM)**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

*Réamhrá*

1. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról lárnach atá ag bainistiú éifeachtach comhtháite teorainneacha san Eoraip (EIBM) ar mhaithe le feidhmiú cuí limistéar Schengen; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil brú curtha ar na Ballstáit agus ar fheidhmiú limistéar Schengen ina iomláine mar gheall ar dhúshláin na sceimhlitheoireachta, na himirce agus COVID-19 i ndiaidh a chéile.

*Nóta ginearálta*

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an doiciméad beartais ón gCoimisiún lena bhforbraítear beartas straitéiseach ilbhliantúil don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip (doiciméad beartais EIBM) mar bhonn don phlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

3. MEABHRAÍTEAR DI, tar éis an phlé sin agus i bhfianaise na mbarúlacha ón gComhairle agus óna Bhallstáit, go nglacfaidh an Coimisiún teachtaireacht lena mbunófar an beartas straitéiseach ilbhliantúil do EIBM; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcomhlánófar an timthriall 5 bliana don bheartas straitéiseach ilbhliantúil EIBM 2023-2027 leis an straitéis theicniúil oibríochtúil atá le glacadh ag Bord Bainistíochta Frontex agus le straitéisí náisiúnta na mBallstát, d'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse an bhainistithe teorainneacha agus an fhillte, lena n-áirítear comhar le tríú tíortha, agus staid shonrach gach Ballstáit á léiriú, *inter alia*, saintréithe geografacha agus geopholaitiúla.

*Prionsabail*

4. FORMHUINÍONN SÍ na príomhphrionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag doiciméad beartais EIBM; MOLANN SÍ a chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an tsamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal mar cheann de na príomhphrionsabail sa teachtaireacht lena mbunaítear an beartas straitéiseach ilbhliantúil do EIBM; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur le plé maidir le coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar choincheap IBM agus ar a shamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal i bhfianaise na ndúshlán a bhí ann le déanaí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le Frontex, na coincheapa maidir le pleanáil chomhtháite agus caighdeáin theicniúla EIBM a mhionsaothrú a thuilleadh.

*Tosaíochtaí beartais agus treoirlínte straitéiseacha le haghaidh comhpháirteanna EIBM*

5. MOLANN SÍ an Choimisiúin as an liosta cuimsitheach de thosaíochtaí beartais agus de threoirlínte straitéiseacha do chomhpháirteanna EIBM; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá tosaíocht a thabhairt do na tosaíochtaí beartais agus do na treoirlínte straitéiseacha ar an leibhéal lárnach agus náisiúnta, *inter alia* ar bhonn na n-anailísí riosca a rinne Frontex agus ar bhonn na dtorthaí ar mheastóireachtaí agus measúnuithe leochaileachta Schengen.

6. MEABHRAÍTEAR DI gurb é an príomhchuspóir atá leis an bhfaireachas ar na teorainneacha trasnú neamhúdaraithe a chosc, an choireacht trasteorann a chomhrac agus bearta a ghlacadh i gcoinne daoine atá tar éis an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an imirce neamhrialta agus an choireacht trasteorann a chosc; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar fheiniméin a bhí ann le déanaí, amhail ionstraimiú imirceach agus bagairtí hibrideacha eile, teacht chun cinn modhanna nua arna nglacadh ag líonraí smuigleála, paindéimí chomh maith le coinbhleachtaí armtha i ngarchomharsanacht an Aontais; sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaidh na Ballstáit na bearta comhréireacha is gá a dhéanamh chun an tslándáil agus an t-ord poiblí a chaomhnú; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil an méid sin gan dochar d'oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*, chomh maith leis an oibleagáid cearta bunúsacha a urramú.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur dlúthchuid riachtanach de EIBM í cearta bunúsacha a chosaint.

9. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá na córais nua TF agus idir-inoibritheacht i réimse an bhainistithe teorainneacha a chur chun feidhme chun trasnuithe rialta ag teorainneacha a bharrfheabhsú agus chun éifeachtacht rialuithe teorann a fheabhsú.

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról bunriachtanach atá ag anailísí riosca bunaithe ar an gComhshamhail le haghaidh Anailís Chomhtháite Riosca (CIRAM), agus cásanna sonracha na mBallstát á gcur san áireamh i gcónaí; MOLANN SÍ go leanfar de mhachnamh a dhéanamh ar a bhfuil i ndán do rialú teorann rioscabhunaithe trí na dúshláin agus ionstraimí nua a chur san áireamh, go háirithe córais faisnéise nua ar mhórscála, idir-inoibritheacht agus intleacht shaorga.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhar le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun an imirce neamhrialta agus an choireacht trasteorann a chosc agus chun dul i ngleic leo, agus, i ndáil leis sin, aghaidh a thabhairt ar na tosca brú agus tarraingthe a bhaineann leis an imirce neamhrialta agus comhpháirtíochtaí oibríochtúla frithsmuigleála a fhorbairt, i gcomhréir le plean gníomhaíochta athnuaite an Choimisiúin i gcoinne smuigléireacht imirceach (2021-2025); IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige níos réamhghníomhaí agus níos oibríochtúla ann maidir leis na treoirlínte straitéiseacha faoi seach agus maidir leis an gcomhar le tríú tíortha, go háirithe trí MOCADEM.

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá sé comhoibriú le tríú tíortha maidir lena n-acmhainneacht oibríochtúil a fhorbairt agus go gcomhlíonfaidh tríú tíortha a ngealltanais, *inter alia* i réimsí an rialaithe teorann agus an fhillte agus an athligin isteach, agus ról Frontex á chur san áireamh.

13. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá a admháil go bhféadfar faireachas teorann a dhéanamh trí mhodhanna teicniúla freisin, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, trealamh, córais faireachais agus, i gcás inarb iomchuí, gach cineál bonneagair dho-aistrithe agus shoghluaiste, agus cearta bunúsacha á gcomhlíonadh go hiomlán.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go gcuirfí san áireamh in aon íoschaighdeáin choiteanna maidir le faireachas ar theorainneacha na cineálacha teorainneacha, na leibhéil tionchair a shanntar do gach cuid den teorainn sheachtrach agus tosca ábhartha eile amhail saintréithe geografacha.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aird chuí a thabhairt ar na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí muirí idirnáisiúnta, go háirithe maidir le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, a tharlaíonn i gcásanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn oibríochtaí faireachais teorann ar muir.

16. Chun éifeachtacht an fhaireachais ar theorainneacha a fheabhsú, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na córais a d'fhorbair na gníomhaireachtaí muirí EMSA agus EFCA a chur san áireamh chomh maith leis an ngá atá le comhordú feabhsaithe i ndáil leis sin.

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le comhar idir gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun léargas ar dhálaí a sholáthar maidir le trasnuithe neamhúdaraithe ag teorainneacha seachtracha agus gluaiseachtaí tánaisteacha atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar inimirce neamhdhleathach agus chun dul i ngleic leis an gcoireacht trasteorann, agus trí leas iomlán a bhaint as na hionstraimí dá bhforáiltear le Rialachán EBCG; i ndáil leis sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin acmhainneacht EUROSUR, mar chreat comhtháite le haghaidh malartú faisnéise agus comhar oibríochtúil, agus le haghaidh córais faisnéise ar mhórscála.

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS breisluach an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme éifeachtach chomhpháirteanna EIBM; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart do na bearta laistigh de chomhpháirteanna EIBM a bheith incháilithe do mhaoiniú ó chistí an Aontais; MEABHRAÍTEAR DI nár cheart an dlúthpháirtíocht a theorannú d'ionstraimí cistiúcháin an Aontais.

19. MEASANN SÍ gur réamhchoinníoll riachtanach é gardaí teorann a oiliúint chun go bhfeidhmeoidh na teorainneacha seachtracha mar is ceart; ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá na gníomhaíochtaí oiliúna a d'fhorbair Frontex agus na húdaráis náisiúnta; i bhfianaise an mhéid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh teagmhála a dhéanamh le Frontex chun leanúint den phlé maidir le coincheap cuimsitheach oiliúna a chruthú, lena n-áirítear doiciméid bhréagacha agus fhalsaithe agus pasadóirí a bhrath, agus saincheist an fhillte. Ina theannta sin, ba cheart an moladh go mbunófaí ionad oiliúna Frontex a mheas go cúramach tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh agus an ról atá ag Acadaimh Chomhpháirtíochta Frontex atá ann faoi láthair á chur san áireamh.

*Rialachas*

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart rialachas an timthrialla don bheartas straitéiseach ilbhliantúil a chomhtháthú i dtimthriall Schengen, an dul chun cinn a rianú sa tuarascáil ar Staid Schengen, agus gur cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh air laistigh de Chomhairle Schengen, agus, ar an gcaoi sin, sineirgí a chothú agus dúbláil a sheachaint.

*Meastóireacht*

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme an bheartais straitéisigh ilbhliantúil do EIBM chun freagairt go mear do na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn.

22. MEABHRAÍTEAR DI go ndéanfaidh an Coimisiún, 4 bliana tar éis ghlacadh na teachtaireachta ina leagtar amach beartas straitéiseach ilbhliantúil EIBM, meastóireacht chríochnúil ar chur chun feidhme an bheartais ag na geallsealbhóirí uile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil maidir leis an modh agus na critéir don mheastóireacht sin ina theachtaireacht lena mbunaítear an beartas straitéiseach ilbhliantúil.

*Conclúid*

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gnéithe thuasluaite, na barúlacha sonracha agus na dréacht-tograí ó na Ballstáit a chur san áireamh, chomh maith le hAnailísí Riosca Straitéisí 2020 agus 2022 d'fhonn an teachtaireacht lena mbunaítear an beartas straitéiseach ilbhliantúil do EIBM a ghlacadh faoi dheireadh 2022.